Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019**
**(OR. en, de)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0112(COD)**

**9430/19**
**ADD 1**

**CODEC 1110**
**MI 456**
**COMPET 416**
**DIGIT 102**
**IND 179**
**TELECOM 233**
**PI 86**
**AUDIO 80**
**JUSTCIV 123**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire an téacs atá in Airteagal 1(4) arna chomhaontú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

Sa chomhthéacs seo, is mian leis an gCoimisiún a thabhairt dá aire nach ndéantar, leis an Rialachán atá ann faoi láthair, cosc a chur ar chumas na mBallstát toirmeasc nó beart sriantach a fhorchur ar iompar aontaobhach nó ar chleachtais tráchtála éagóracha faoina ndlí náisiúnta a fhad is a chuirtear forálacha ábhartha an dlí náisiúnta i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha eile de dhlí an Aontais agus a fhad is atá siad comhoiriúnach d'fhorálacha an Rialacháin atá ann faoi láthair.

Mar sin féin, níl feidhm ag an bprionsabal gur cheart don dlí náisiúnta a bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo ach amháin sa mhéid is go ndéantar an tsaincheist shonrach atá i gceist a rialáil leis an Rialachán céanna. Tugann an Coimisiún dá aire ina leith sin nach rialáiltear leis an Rialachán seo gach gné de na caidrimh thráchtála idir soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus úsáideoirí gnó na soláthraithe sin.

Thar aon ní eile, measann an Coimisiún, i gcás ina leagtar amach, le forálacha an Rialacháin seo, leibhéal sonrach trédhearcachta nó oibleagáidí sonracha faisnéise, i ndáil leis na hábhair sin, nach féidir leis na Ballstáit leibhéil éagsúla trédhearcachta nó oibleagáidí éagsúla faisnéise a fhorordú. Mar sin féin, leis an Rialachán seo, ní choisctear rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm lena bhforchuirtear toirmeasc nó beart sriantach ar iompar aontaobhach nó cleachtais tráchtála mhíchothroma,  rialacha a bhaineann le hábhair eile nach rialaítear le forálacha an Rialacháin seo.

**Ráiteas ón nGearmáin, le tacaíocht ón mBeilg**

Glacann an Ghearmáin leis go mbeidh na Ballstáit fós i dteideal rialacháin bhreise a ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais chun éagsúlacht na meán a áirithiú. Glacann an Ghearmáin leis freisin go mbeidh na rialacha náisiúnta, lena dtugtar aghaidh ar chleachtais drochúsáide, agus dlí náisiúnta na gconarthaí fós infheidhme mar aon leis an Rialachán seo. Tuigtear dúinn go gciallaíonn Airteagal 3(3) den Rialachán nach gcoisctear leis an Rialachán tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha faoin dlí náisiúnta, a mhéid nach gcumhdaítear na réimsí ábhartha leis an Rialachán.